



# FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

## AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i  
gcás Éigeandála (SURE)  
Chuidigh maoiniú SURE le caomhnú post le linn ghéarchéim  
COVID-19 ach ní fios fós cén tionchar a bhí aige

# Clár

I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL .....	2
II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE .....	3
1. TIONCHAR SURE A THUAIRISCIÚ .....	3
III. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE.....	5
1. Moladh 1: Meastóireacht a dhéanamh ar SURE.....	5

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#) agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

# I. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN I mBEAGÁN FOCAL

Fáiltíonn an Coimisiún roimh an Tuarascáil Speisialta seo ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE). Bhí Sure ina ionstraim éigeandála ríthábhachtach a chuir an tAontas ar bun go tapa agus go tráthúil chun poist agus ioncam a chosaint le meon na dlúthpháirtíochta in aghaidh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha socheacnamaíocha phaindéim COVID-19. Chuir SURE tacaíocht airgeadais ar fáil i bhfoirm iasachtaí a dheonaigh an tAontas do na Ballstáit ar théarmaí fabhracha chun socruithe maidir le hobair ghearr-ama náisiúnta, bearta comhchosúla, go háirithe d'oibrithe féinfhostaithe, agus roinnt beart maidir le sláinte a mhaoiniú. Tá an Coimisiún ag eisiúint bannaí sóisialta chun ionstraim SURE a mhaoiniú.

Thacaigh na Ballstáit uile - fiú na cinn nár bhain leas as go díreach - leis an ionstraim, trí sholáthar na ráthaíochtaí deonacha, rud a leagann béim ar dhlúthpháirtíocht Eorpach idir na Ballstáit tríd an Aontas Eorpach. Glacadh Rialachán SURE i mBealtaine 2020 agus rinneadh na chéad eisiócaíochtaí le Ballstáit i nDeireadh Fómhair 2020. Thug SURE cúnamh airgeadais do 19 mBallstát agus mar bhreisiú ar an iasacht tosaigh do níos mó ná a leath acu freisin. Faoi dheireadh 2022, beidh an t-imchlúdach iomlán ar fiú EUR 100 billiún é nach mór idithe.

Measann an Coimisiún gur chruthaigh SURE go bhfuil sé éifeachtach maidir le lucht saothair agus gnólachtaí na hEorpa a chosaint. De réir na (ceathrú) tuarascála débhlíantúla is déanaí<sup>1</sup>, Thacaigh SURE le tuairim is 31.5 milliún duine agus 2.5 milliún gnólacht in 2020, arb ionann é agus beagnach aon trian den fhostaíocht iomlán agus gnólachtaí sna 19 mBallstát is tairbhíthe. Is iad na fiontair bheaga agus mheánmhéide príomhthairbhíthe tacaíocht SURE, go háirithe sna rannóga is mó atá thíos leis an bpaindéim.

Measann an Coimisiún freisin gur léiríodh go raibh SURE éifeachtúil maidir le tionchar na paindéime ar mhargadh an tsaothair a mhaolú in 2020 agus maidir le hathléim thapa eacnamaíoch a éascú in 2021, rud a bhí i bhfad níos tapa ná géarchéimeanna a bhí ann roimhe seo. De réir na tuarascála débhlíantúla is déanaí, mheas an Coimisiún gur tugadh cosaint éifeachtach do 1.5 milliún duine ar an dífhostaíocht in 2020 mar gheall ar an bhfreagairt bheartais ar ghéarchéim COVID-19, SURE san áireamh.

Faoi dheireadh 2022 d'eisigh an Coimisiún ceithre thuarascáil dhébhlíantúla, ag dul thar a oibleagáid dhlíthiúil faoi Rialachán SURE gach uile uair i dtéarmaí raon feidhme na hanailíse, agus an tráth céanna ag comhlíonadh riachtanais tuairiscithe faoi Chreat Bannaí Sóisialta SURE an Aontais.

Cuireann an Coimisiún béim ar na teorainneacha a mhéid a bhaineann leis na sonraí a thuairiscigh na Ballstáit maidir le líon na n-oibrithe agus na ngnólachtaí, go bhfuil an fhreagracht maidir le tuairisciú ar na Ballstáit is tairbhíthe, de réir Chuid 2.4 den Chreat Bannaí Sóisialta<sup>2</sup>. Thug an Coimisiún tuairisc ar na bearnaí sonraí sna tuarascálacha débhlíantúla agus d'iarr sé ar Bhallstáit aon sonra atá in easnamh a chur ar fáil nó uasdátú ar mheastacháin a rinneadh roimhe seo a dhéanamh don chéad bheart tuairiscithe eile. Mar thoradh air seo bhí athruithe suntasacha sna figiúirí comhiomlána measta i gcásanna áirithe, rud a chiallaigh nach raibh sé indéanta líon comhiomlán na ndaoine agus na ngnólachtaí a cumhdaíodh a mheas go beacht, go háirithe le linn luathbhlianta an tuairiscithe. Níor iarr an Coimisiún ar na Ballstáit sonraí olltóraidh iarbhír a chur ar fáil mura raibh sé ar fáil

<sup>1</sup> Arna fhoilsiú an 23 Meán Fómhair 2022: <https://economy-finance.ec.europa.eu/system/files/2022-09/Fourth-report-on-the-implementation-of-SURE.pdf>

<sup>2</sup> Féach freisin an chéad tuarascáil dhébhlíantúil SURE (leathanach 17), arna foilsiú 22 Meán Fómhair 2021: [com2021\\_148\\_en\\_act\\_part1\\_v6.pdf](https://ec.europa.eu/economy_finance/com2021_148_en_act_part1_v6.pdf) (europa.eu)

laistigh de thréimhse réasúnta ama, toisc go bhféadfadh moill shuntasach a bheith ar bhailiú sonraí dá bharr agus nach raibh gá leo le Rialachán SURE.

Aithníonn an Coimisiún nach bhfuil sé simplí tionchar SURE a dhícheangal ó thionchar na scéimeanna náisiúnta ós rud é go soláthraíonn SURE beart cosanta tánaisteach. Chuir an Coimisiún roinnt píosáí fianaise ar fáil ina thuarascáil débhlíantúil ar SURE, áfach, a bhaineann le tionchar SURE, lena n-áirítear fianaise in aghaidh an Bhallstáit agus an ról atá ag an gCoimisiún i dtaca le bunú socrúithe náisiúnta maidir le hobair ghearr-ama a chur ar bun agus bearta comhchosúla a dhreasú.

Bhunaigh an Aontas ionstraim SURE chun féinmhaoiniú na mBallstát maidir leis na scéimeanna incháilithe náisiúnta a chomhlánú. Cuireann SURE tacaíocht ar fáil i bhfoirm iasachta do Bhallstáit, mar bheart cosanta tánaisteach. Maidir le Rialachán SURE, ní theastaíonn measúnú ar an gcaoi a gcomhlánaíonn scéimeanna náisiúnta a fhaigheann tacaíocht ó SURE scéimeanna eile náisiúnta. Is saincheart náisiúnta ag gach Ballstát fós é dearadh na gcóras náisiúnta slándála sóisialta.

## II. FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN AR PHRÍOMHBHARÚLACHA CIE

### 1. TIONCHAR SURE A THUAIRSCIÚ

Leagtar oibleagáidí tuairiscithe an Choimisiúin síos i Rialachán SURE. Go sonrath, faoi Airteagal 14, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA) agus an Coiste Fostaíochta maidir le húsáid cúnamh airgeadais, lena n-áirítear suimeanna gan íoc agus an sceideal aisíocaíochta is infheidhme faoi SURE agus leanúint na dteagmhas eisceachtúla a thugann údar do chur chun feidhme an Rialacháin seo.

Anuas ar na ceanglais dlí, tá an Coimisiún faoi cheangal ag Cuid 2.4 den Chreat Bannaí Sóisialta chun tuarascáil a thabhairt ar leithdháileadh agus ar thionchar fháltais SURE, lena n-áirítear líon na n-oibrithe agus na ngnólachtaí a bhain tairbhe as bearta dar thug SURE tacaíocht<sup>3</sup>.

D'éisigh an Coimisiún faoi dheireadh 2022 ceithre thuarascáil dhébhlíantúla chun a oibleagáidí tuairiscithe a bhaint amach faoi Rialachán SURE agus faoi Chreat Bannaí Sóisialta SURE an Aontais agus thairis sin anailís sa bhreis a thabhairt<sup>4</sup>.

Tugann Cúirt Iníúcháirí na hEorpa dá haire go gcuimsítear teorainneacha leis na sonraí a ndearna na Ballstáit tuairisciú orthu. maidir le líon na n-oibrithe agus na ngnólachtaí a cumhdaíodh<sup>5</sup>, dá bhrí sin,

<sup>3</sup> De réir Chuid 2.4 den Chreat Bannaí Sóisialta, ba cheart don Choimisiún a dhícheall a dhéanamh chun na sonraí agus na táscairí ábhartha a fháil ó na Ballstáit is tairbhíthe, an tacar sonraí atá ar fáil a chomhiomlánú agus tuarascáil a thabhairt orthu. Aithnítear leis an gcuid seo go mbraithfidh tuairisciú an Choimisiúin ar chaighdeán agus ar ghráinneacht an eolais a sholáthraíonn na Ballstáit is tairbhíthe agus nach bhfuil neart iomlán ag an gCoimisiún air seo.

<sup>4</sup> Mar chuid den mhéid sin bhí eolas ar thionchar na mbearta beartais, lena n-áirítear bearta dar thug SURE tacaíocht, maidir le héifeacht na paidéime a mhaolú i ndáil le fostaíocht agus le meastacháin maidir le coigiltis úis na mBallstát. Cuireadh tuilleadh anailíse teicniúla ar fáil in dhá alt sa Tuarascáil Ráithiúil ar an Limistéar Euro (QREA).

<sup>5</sup> Féach ar an bhfotheideal a thagann roimh mhír 52 sna 'Barúlacha', mír 56 sna 'Barúlacha' agus Bosca 4.

dar léi nach bhféadfar measúnú iomlán a dhéanamh ar líon na ndaoine agus na ngnólachtaí a cumhdaíodh<sup>6</sup>.

Antaíonn an Coimisiún nach raibh na sonraí a sholáthair na Ballstáit maidir le líon na n-oibrithe agus na ngnólachtaí a cumhdaíodh i gcónaí cuimsitheach. Thug an Coimisiún tuairisc sna tuarascálacha débhlantúla nuair a bhí sonraí na mBallstát neamhiomlán. Thairis sin, i ngach bliain tuarascála, rinne an Coimisiún iarracht an figiúr cumhdaithe comhiomlán a mheas ar bhealach chomh cruinn agus ab fhéidir trí na sonraí a sheiceáil agus trí bhearnaí sonraí a líonadh, e.g. toimhdí réasúnta agus sonraí a bhí ar fáil ó fhoinsí éagsúla. Do gach bliain tuarascála, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit sonraí a bhí in easnamh a sholáthar nó uasdátú a dhéanamh ar na meastacháin a rinneadh roimhe seo, agus é mar aidhm aige an caighdeán tuairiscithe a fheabhsú sna blianta tuarascála amach anseo.

Antaíonn an Coimisiún freisin le Cúirt Iniúcháirí na hEorpa go raibh na sonraí i gcásanna áirithe maidir le líon na n-oibrithe agus na ngnólachtaí a chuir na Ballstáit ar fáil do na bearta dá dtugann SURE tacaíocht. Measann sé, áfach, trí iarraidh ar na hallstáit sonraí olltoraidh iarbhír a chur ar fáil do gach beart nuair nach bhfuil an méid sin ar fáil, go gcuirfí isteach ar dheardh na mbeart maidir le beartas sóisialta slándála agus go mbeadh sé míchuí mar gheall ar an gcás éigeandála as ar tháinig SURE. Thairis sin, ón taobh coincheapúil, tá dúshlán ag baint le comhiomlánú na sonraí maidir leis na bearta uile, go háirithe nuair atá fostaithe agus gnólachtaí incháilithe do níos mó ná beart amháin. Chun an dúshlán seo a sháru, d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar chumhdach an bhirt (na mbeart) is mó lena áirithiú nach raibh aon áibhéil ann maidir le dea-thionchar SURE.

Maíonn CIE freisin mar gheall ar dheardh na hionstraime nach mbeadh sé indéanta tionchar SURE a aithint ar leithligh ó thionchar na scéimeanna náisiúnta agus dá bhrí sin, cineann sí nach féidir leis an gCoimisiún torthaí SURE a mheas i ngach Ballstát<sup>7</sup>. Aithníonn an Coimisiún nach bhfuil sé simplí tionchar SURE a dhícheangal ó thionchar na scéimeanna náisiúnta ós rud é go soláthraíonn SURE beart cosanta tánaisteach. Chuir an Coimisiún roinnt píosaí fianaise ar fáil ina thuarascáil débhlantúil ar SURE, áfach, a bhaineann le tionchar SURE agus an ról atá ag an gCoimisiún i dtaca le bunú socruithe náisiúnta maidir le hobair ghearr-ama a chur ar bun agus bearta comhchosúla a dhreasú. Sna tuarascálacha débhlantúla, rinne an Coimisiún anailís ar líon na n-oibrithe agus na ngnólachtaí a cumhdaíodh *in aghaidh an Bhallstáit* agus mheas sé líon na bpost a sábháladh *in aghaidh an Bhallstáit*. Mar fhocal scoir, d'iarr na Ballstáit tacaíocht ó SURE chun an chuid is mó dá gcaiteachas ar scéimeanna náisiúnta incháilithe a chumhdach. Níl ach codán srianta ann a maoiníodh ar bhealach eile. Dá bhrí sin, tá cumhdach SURE mórán ar aon dul leis na scéimeanna náisiúnta maidir le líon na n-oibrithe agus na ngnólachtaí.

Maidir le hiniúcháireacht agus rialú, tuigeann an Coimisiún go bhféadfadh sé go mbeidh riosca ann do cháil an Aontais, má mheastar go bhfuil baol calaoise ann maidir leis na bearta a fhaigheann tacaíocht airgeadais ó bhuiséad an Aontais<sup>8</sup>. Measann an Coimisiún go bhfuil an riosca seo maolaithe ag gníomhaíochtaí a eascraíonn as freagrachtaí na mBallstát maidir le calaois agus neamhrialtachtaí a aithint, mar a éilítear faoi Rialachán SURE agus faoin gComhaontú iasachta.

---

<sup>6</sup> Féach ar achoimre feidhmiúcháin mhír VIII agus mír 70 in 'Conclúidí agus Moltaí'.

<sup>7</sup> Féach ar achoimre feidhmiúcháin mhír VIII agus mír 70 in 'Conclúidí agus Moltaí'.

<sup>8</sup> Féach mír 47 sna 'barúlacha', abairt dheireanach

# III. FREAGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN AR MHOLTAÍ CIE

## 1. Moladh 1: Meastóireacht a dhéanamh ar SURE

(Spriocdháta cur chun feidhme: faoi dheireadh R3 2024)

**Le meastóireacht den sórt sin ba cheart an méid seo a chur san áireamh:**

- i. a mhéid a thug SURE agus na bearta náisiúnta dar thug sé tacaíochtluach breise (do chuspóirí uile SURE, lena n-áirítear na bearta maidir le sláinte);

Glacann an Coimisiún leis an bhfomholadh.

- ii. cé acu a chomhlánaigh nó nár chomhlánaigh SURE na bearta náisiúnta agus cén dóigh a ndearnadh é;

Glacann an Coimisiún leis an bhfomholadh.

- iii. agus cé acu a bhí nó nach raibh creat SURE éifeachtach maidir leis an mbaol a laghdú i ndáil le neamhrialtachtaí agus calaois, i bhfianaise na gcásanna a thuairiscigh na Ballstáit.

Glacann an Coimisiún leis an bhfomholadh.